Ceachtanna AS
An Ghramadach

Ábhar: Ag cruthú barúlacha	**Fad ama: 60 bomaite**

Intreoir:

Ag deireadh an cheachta seo, beidh na scoláirí in ann barúil a chruthú mar is ceart agus beidh tuiscint mhaith acu ar theanga agus struchtúir úsáideacha fosta.

Príomhthasc:

Iarr ar na scoláirí leathanach 1 a léamh agus, ina dhiaidh, thig cleachtadh a dhéanamh ar an dá réamhfhocal 'ar' agus 'le'. Thig na scoláirí a cheistiú fosta fána gcuid mianta srl agus ansin ceisteanna a chur ar scoláirí fá scolairí eile, mar shampla, Cad é is maith leis? Cad é is fuath leo?

Ba cheart an difear idir forainm oibiachta agus suibiachta a phlé anois agus cleachtadh béil beag a dheanamh leis.

Thig dul siar a dhéanamh ar na mothúcháin agus ceann nó dhó eile a chaitheamh isteach. Thig na trialacha ar na leathanaigh ina dhiaidh a dhéanamh.

Conclúid/Measúnú:

Is féidir achan corrcheann acu a dhéanamh agus na cinn eile a fhágáil mar obair bhaile.

Thig bogadh ar aghaidh agus Béarla a chur ar na haidiachtaí, nó iarraidh orthu cuid acu a dhéanamh don obair bhaile.

Gabh fríd na frásaí sna leathanaigh ina dhiaidh sin, cleachtadh béil agus sibh ag dul. Déan cinnte go dtuigeann na scoláirí an dóigh cheart lena n-úsáid.

Ábhair thacaíochta le fáil anseo

An Gréasán

Urraithe ag Foras na Gaeilge

Gael Linn 70 1953-2023

Ceachtanna AS
An Ghramadach

Ábhar: An Chopail - Tá nó Is?	**Fad ama: 60 bomaite**

Intreoir:
Ag deireadh an cheachta seo, beidh na scoláirí ábalta an chopail a thuigbheáil agus a úsáid. Beidh siad in ann a thuigbheáil cén uair a úsáidtear an briathar bí agus cén uair a úsáidtear an chopail.

Príomhthasc:
Iarr ar na scoláirí leathanach 1 a léamh agus, ina dhiaidh, déan cinnte go dtuigeann siad é. Cleachtadh béil - tabhair abairtí samplacha dóibh, i Béarla, agus fiafraigh díobh "an abairt leis an bhriathair 'bí' nó an chopail atá ann?"

Tá cúpla ceist ag bun an leathanaigh ach is dócha gur ceisteanna iad seo a bheas le freagairt i ndiaidh an chleachtaidh ar fad.

Déan plé ar leathanach 2, go hairithe na teaghlaigh 'tá' nó 'is' mar a deir mé féin leo.

Iarr ar na scoláirí abairt 1-6 a dhéanamh ar dtús. Déan plé ar na freagraí.

Iarr orthu abairtí 7-12 a dhéanamh anois. Ceartaigh agus pléigh iad.

Conclúid/Measúnú:

Thig cleachtadh béil a dhéanamh arís - tabhair abairtí samplacha dóibh, i Béarla, agus fiafraigh díobh "an abairt leis an bhriathair 'bí' nó an chopail atá ann?"

Thig obair bhaile a thabhairt ag an phointe seo, agus iarraidh orthu na habairtí eile a chríochnú.

Ábhair thacaíochta le fáil anseo

An Gréasán

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

Gael Linn 70 1953-2023

Ceachtanna AS
An Ghramadach

Ábhar: Rud a dhéanamh...	**Fad ama: 60 bomaite**

Intreoir:
Ag deireadh an cheachta seo, beidh na scoláirí ábalta an t-ainm briathartha a úsáid go héifeachtach.

Príomhthasc:
Iarr ar na scoláirí leathanach 1 agus 2 a léamh agus, ina dhiaidh, déan cinnte go dtuigeann siad iad. Déan plé ar an cheist ag bun leathanach 2.

Gabh ar aghaidh go leathanach 3 ansin agus lig dóibh a léamh agus a thuigbheáil arís.

Déan plé le tuiscint na scoláirí a chinntiú.

Iarr ar na scoláirí abairt 1-6 a dhéanamh ar dtús. Déan plé ar na freagraí agus déan tagairt do na nótaí.

Iarr orthu abairtí 7-12 a dhéanamh anois. Ceartaigh agus pléigh iad.

Conclúid/Measúnú:

Thig cleachtadh béil a dhéanamh anois agus na ceisteanna samplacha sin a úsáid.

Thig obair bhaile a thabhairt ag an phointe seo, agus iarraidh orthu na habairtí eile a chríochnú.

Mar mhalairt rogha, thig na habairtí eile a dhéanamh sa rang agus obair bhaile scríbhneoireachta a thabhairt dóibh ar na ceisteanna samplacha.

Ábhair thacaíochta le fáil anseo

An Gréasán

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

Gael Linn 70 1953-2023

Ceachtanna AS
An Ghramadach

Ábhar: Cúrsaí Gramadaí - Réimse	**Fad ama: 6 x uair an chloig**

Intreoir:
Ag deireadh na gceachtanna seo, beidh tuiscint níos fearr ag na scoláirí ar an 'Úsáid Teanga - Roinn C' agus tuiscint níos fearr acu ar go leor de ghramadach na Gaeilge.

Tascanna:
Moltar na trialacha seo a dhéanamh beagán ar bheagán. B'fhearr dhul ar ais chucu achan seachtain nó coicís agus iad a úsáid sa dóigh sin. Is fearr i bhfad é sin ar mhaithe le tuiscint fadtéarmach na scoláirí.

Comhchiallach - Mínigh do na scoláirí cad é atá i gceist le comhchiallach. Gabh fríd an chéad cúpla sampla agus bain úsáid astu agus tú á mhíniú.

Thig leo an chéad leathanach a dhéanamh agus ceartú a dhéanamh ina dhiaidh. Ba cheart do na scoláirí liosta a dhéanamh ina gcuid nótaí féin de na cinn is coitianta. Moltar gan an oiread sin a dhéanamh sa chéad dul síos agus bogadh ar aghaidh chuig an chéad ghné eile. Thig teacht ar ais chucu agus leathanach a dhéanamh gach seachtain/coicís go fiú.

An Aimsir - Is fiú go mór dul siar a dhéanamh ar na haimsirí sula dtugtar faoin triail seo, go háirithe na briathra neamhrialta san aimsir chaite, láithreach agus fháistineach.

An Uimhir Uatha / Iolra - Arís is fiú go mór rialacha/nósanna a bhaineann leis an uimhir uatha/iolra a phlé sula dtugtar faoin triail seo. Tá go leor físeán ar YouTube faoi más gann atá tú ó thaobh nótaí de.

An Fhoirm Bhriathartha - Is fiú go mór an difear idir seo agus An Aimsir a phlé. Agus sibh ag gabháil fríd, ba cheart do na scoláirí liosta de na focail is coitianta a léiríonn an aimsir a dhéanamh ina gcuid nótaí féin.

Translation - is fiú go mór amharc air seo ar dtús le cuid de na gnéithe gramadaí a aimsiú le bheith cinnte de go bhfuil sé clúdaithe agaibh sa rang roimhe seo. Nó, is féidir iad seo a úsáid mar intreoir más maith.

Prepositional Pronouns - Ba cheart liostade na forainmneacha réamhfhoclacha a thabhairt dóibh ar dtús agus iad a mhíniú más gá.

Ábhair thacaíochta le fáil anseo

An Gréasán

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

Gael Linn 70 1953-2023

Ceachtanna AS
An Ghramadach

Ábhar: Réimíreanna, Caint Indíreach, Aimsir Chaite / Láithreach

Fad ama: 90 - 120 bomaite (2 cheacht)

Intreoir:
Ag deireadh an cheachta seo, beidh na scoláirí ábalta na réimíreanna ní/níor srl. a thuigbheáil agus a úsáid.

Príomhthasc:
Déan píosa dul siar ar rialacha na n-aimsirí ar dtús, aimsir chaite is mó ar dtús, is dócha. Luaigh na réimíreanna diúltacha agus tú a dhéanamh sin. Ba cheart an difear idir ní agus níor a phlé.

Iarr ar na scoláirí leathanach 1 a léamh agus, ina dhiaidh, déan cinnte go dtuigeann siad é. Déan plé ar a bhfuil i gceist le séimhiú agus urú más gá.

Iarr ar na scoláirí abairt 1-5 a dhéanamh ar dtús. Déan plé ar na freagraí. Iarr orthu abairt 6-20 a dhéanamh anois. Ceartaigh agus plé iad.

Ceisteanna béil simplí a chur ar scoláire amháin agus scoláire eile a cheistiú le, "cad é a dúirt sé/sí?"Thig obair bhaile a thabhairt ag an phointe seo, ach is fearr dul siar a dhéanamh ar an aimsir láithreach ar dtús. Agus dul siar déanta, iarr ar na scoláirí abairt 21-31 a aistriú.

Ag an phointe seo, thig cleachtadh béil (thuas) a dhéanamh arís ach an iarraidh seo, a dhéanamh san aimsir láithreach.

Anois, thig iarraidh orthu abairtí 32-43 a aistriú.

Conclúid/Measúnú:

Thig an cleachtadh béil a úsáid mar chonclúid, nó is féidir na scoláirí a chur i ngrúpaí beaga le ceisteanna a chur orthu féin.
Thig leo ceisteanna a chumadh le cur ort féin agus is gá duit iad a fhreagairt go hionraic.

Thig cuid de na habairtí a úsáid mar obair bhaile, nó thig 5 abairt an duine a chumadh mar fhreagra ar cheisteanna, mar shampla: cad é a dúirt do mhamaí/do chara inné?

Ábhair thacaíochta le fáil anseo

An Gréasán

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

Gael Linn 70 1953-2023